CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/534 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2021

lena gcinntear faoi Airteagal 39(1) de Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an bhfuil údar le beart a rinne an Ghearmáin chun cosc a chur ar mhúnla ardaitheora arna mhonarú ag Orona a chur ar an margadh nó nach bhfuil údar leis

(tugtar fógra faoi dhoiciméad C(2021) 1863)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i dtaca le hardaitheoirí agus le comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí ([1]), agus go háirithe Airteagal 39(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) An 10 Márta 2016, thug an Ghearmáin fógra don Choimisiún faoi bheart a rinne sí an 26 Samhain 2015 de bhun Airteagal 7(1) de Threoir 95/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ("an beart náisiúnta"). Chuir an beart sin cosc ar mhúnla ardaitheoir M33v3 a chur ar an margadh, múnla a tháirg Orona Sociedad Cooperativa, Hernani, an Spáinn ("ardaitheoir M33v3") agus thug sé isteach coinníollacha maidir le trealamh a chur ar an margadh.

(2) Bhí údar na Gearmáine maidir leis an mbeart náisiúnta a ghlacadh bunaithe ar réamhghníomhaíochtaí faireachais margaidh a rinne Údarás Lárnach Länder um Theicneolaíocht Sábháilteachta ("údarás na Gearmáine"). Chinn údarás na Gearmáine go raibh an t-ardaitheoir M33v3 ag sárú na gceanglas riachtanach sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i roinn 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 95/16/CE ("na ceanglais riachtanacha").

(3) Chuir Orona Sociedad Cooperativa ("Orona") a agóidí i gcoinne an bhirt náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin cheana féin an 11 Nollaig 2015, agus é á áitiú acu go bhfuil córais mhalartacha sábháilteachta ag an ardaitheoir M33v3 nuálach a bheadh comhionann ar a laghad le leibhéal sábháilteachta aon ardaitheora a dearadh de réir na gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha agus, ar an gcaoi sin, go comhlíonann sé na ceanglais riachtanacha agus go gcuirtear ceangal ar údarás na Gearmáine fógra a thabhairt don Choimisiún faoin mbeart náisiúnta.

(4) In Aibreán 2016, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le Orona chun meastóireacht a dhéanamh ar an mbeart náisiúnta.

(5) Rinneadh Treoir 95/16/CE a athmhúnlú agus a aisghairm ina dhiaidh sin le Treoir 2014/33/AE le héifeacht ón 20 Aibreán 2016.

(6) I litir an 20 Aibreán 2016, d'iarr an Coimisiún ar Orona a chuid barúlacha maidir leis an mbeart náisiúnta a chur isteach, rud a rinne Orona i litir an 18 Bealtaine 2016, inar áiríodh barúlacha fairsinge agus doiciméid tacaíochta. Tionóladh cruinniú leantach idir an Coimisiún agus Orona an 9 Meitheamh 2016.

([1]) IO L 96, 29.3.2014, lch. 251.

([2]) Treoir 95/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 1995 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hardaitheoirí (IO L 213, 7.9.1995, lch. 1).

(7) I litir eile an 20 Aibreán 2016, d'iarr an Coimisiún ar Liftinstituut, an comhlacht dá dtugtar fógra arna roghnú ag Orona, comhlacht a dheimhnigh in 2012 gur comhlíon an t-ardaitheoir M33v3 Treoir 95/16/CE, a chuid barúlacha a chur isteach freisin. Mar sin féin, os rud é gur sheol Liftinstituut barúlacha fairsinge agus doiciméid tacaíochtaí chuig an gCoimisiún cheana féin i litir an 20 Eanáir 2016 i gcomhréir le barúlacha Orona, níor tugadh aon trácht suntasach eile.

(8) Ag cruinniú a bhí ag an Meitheal um Chomhair Riaracháin in Earnáil na nArdaitheoirí an 16 Meitheamh 2016, a raibh na Ballstáit ina gcathaoirligh uirthi, chuir údarás na Gearmáine an beart náisiúnta faoi bhráid údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát. D'fhreastail an Coimisiún ar an gcruinniú mar chomhalta den mheitheal sin.

(9) Rinne an Coimisiún staidéar neamhspleách saineolaithe freisin ("staidéar neamhspleách"). Rinneadh conradh chun an staidéar neamhspleách a dhéanamh i dtús an 29 Samhain 2016, agus an 9 Feabhra 2017 d'fhreastail údarás na Gearmáine, Orona, an saineolaí neamhspleách agus an Coimisiún ar chigireacht ar an láthair ar ardaitheoir M33v3. Cuireadh deireadh leis an gconradh ina dhiaidh sin, áfach, agus fostaíodh an dara saineolaí. Rinne an saineolaí sin an staidéar neamhspleách agus d'eisigh sé tuarascáil chríochnaitheach ([3]) an 10 Nollaig 2018. Sa tuarascáil chríochnaitheach sin, thángthas ar an gconclúid "go gcomhlíonann an t-ardaitheoir Ceanglas Riachtanach 2.2 ar bhealach cinntitheach trí leibhéal coibhéiseach sábháilteachta ar a laghad, tráth na suiteála, a bhaint amach maidir leis an gcaighdeán comhchuibhithe lenar tugadh toimhde na comhréireachta le EHSR 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 95/16/CE. "An 17 Nollaig 2018, d'iarr an Coimisiún ar údarás na Gearmáine, Orona agus Liftinstituut barúlacha a chur isteach maidir leis an staidéar neamhspleách. Fuair an Coimisiún barúlacha ó Liftinstituut an 14 Eanáir 2019, ó Orona an 15 Eanáir 2019 agus ó údarás na Gearmáine an 28 Feabhra 2019.

(10) An 16 Bealtaine 2019, tionóladh cruinniú leis an gCoimisiún, údarás na Gearmáine, Orona agus Liftinstituut chun na barúlacha a fuarthas maidir leis an staidéar neamhspleách a shoiléiriú. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, sheol údarás na Gearmáine na soiléirithe ar na barúlacha a rinneadh maidir leis an staidéar neamhspleách trí ríomhphost an 28 Bealtaine 2019. Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis na soléirithe sin ó Orona an 12 Iúil 2019 agus ó Liftinstituut an 19 Iúil 2019.

(11) An 14 Aibreán 2020, d'iarr an Coimisiún ar Orona agus ar údarás na Gearmáine barúil a thabhairt ar achoimre ar sheasaimh na bpáirtithe agus ar mheasúnú trialach an Choimisiúin. Fuarthas na barúlacha uile an 29 Bealtaine 2020.

2. SEASAIMH AGUS ARGÓINTÍ NA bPÁIRTITHE

2.1. Seasamh agus argóintí údarás na gearmáine

(12) Chuir údaráis áitiúla faireachais margaidh na Gearmáine tús le himscrúduithe ar an ardaitheoir M33v3 i mí Dheireadh Fómhair 2014. Ina dhiaidh sin, ghlac údarás na Gearmáine an t-imscrúdú chuige féin.

(13) Mar a luaitear san fhógra chuig an gCoimisiún maidir leis an mbeart náisiúnta, tar éis seiceáil a dhéanamh ar na doiciméid in Eanáir agus Feabhra 2015 agus tástáil a dhéanamh ar shuiteáil ardaitheora in München an 23 Márta 2015, chinn údarás na Gearmáine nár chomhlíon an t-ardaitheoir ceanglais na gcaighdeán comhchuibhithe EN 81-1:1998+A3:2009 ([4]) ("EN 81-1") agus EN 81-21:2009 ([5]) ("EN 81-21") ("na caighdeáin chomhchuibhithe"). Is éard is cúis leis sin nach leor an spás cloiginn 0,5 m atá beartaithe san ardaitheoir M33v3, toisc go bhfuil fad 1 m ag teastáil faoi EN 81-1. Níor chinn údarás na Gearmáine go raibh na bearta sábháilteachta malartacha a glacadh i ndearadh agus i dtógáil ardaitheoir M33v3 coibhéiseach leis an úrscothacht a léirítear leis na caighdeáin chomhchuibhithe, agus dá bhrí sin go raibh an t-ardaitheoir ag sárú na gceanglas riachtanach.

(14) Go háirithe, de réir údarás na Gearmáine, cé go laghdaítear dóchúlacht tionóisce (eadhon gluaiseacht neamhbheartaithe an chábáin ardaitheora go dtí an suíomh uachtarach) leis na bearta malartacha a ghlac an monaróir, laghdaítear an t-íosfhad ceartingearach a cheanglaítear leis na caighdeáin chomhchuibhithe ó dhíon an chábáin go dtí síleáil an loig ardaitheora faoina leath, rud a chuireann go mór le déine na ngortuithe a d'fhéadfadh tarlú. Dá ainneoin sin, i gcás éigeandála, is féidir le duine atá ar dhíon an chábáin a shábháilteacht a chinntiú trína shíneadh amach sa limistéar cosanta atá fágtha, cé go dtógfadh sé i bhfad níos mó ama é sin a dhéanamh in

([3]) Tuarascáil chríochnaitheach an 10 Nollaig 2018, Comhlíonadh, "Tacaíocht theicniúil a bhaineann leis an Treoir um Ardaitheoirí 95/16/CE agus comhlíonadh ardaitheoir M33v3 Orona, ag díriú ar an gceanglas riachtanach sláinte agus sábháilteachta 2.2 d'Iarscríbhinn I."

([4]) IO C 52, 2.3.2010, lch. 5.

([5]) IO C 263, 5.11.2009, lch. 3.

ardaitheoir M33v3 ná in ardaitheoir eile a chomhlíonann ceanglais na gcaighdeán comhchuibhithe. Níor chuir an monaróir ná Liftinstituut an ghné ama sin san áireamh i gcomhthéacs an mheasúnaithe comhréireachta don scrúdú cineáil CE. Bheadh go leor spás saor nó tearmainn chun cromadh síos in ardaitheoir a dearadh tar éis gur cuireadh ceanglais na gcaighdeán comhchuibhithe chun feidhme, mar thoradh ar an limistéar cosanta níos airde, d'fhonn sábháilteacht daoine a úsáideann an t-ardaitheoir a áirithiú.

(15) Le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe lena mbaineann, shoiléirigh údarás na Gearmáine na hargóintí a tugadh san fhógra don Choimisiún maidir leis an mbeart náisiúnta agus sa bheart náisiúnta féin.

(16) Maidir leis an spás saor nó tearmann dá dtagraítear sna ceanglais fhíor-riachtanacha, chinn údarás na Gearmáine go bhfuil an chosaint i gcoinne brú in ardaitheoir M33v3 bainte amach go heisiach tríd an dídean atá cosanta go meicniúil, ag a bhfuil na toisí 0,5 m × 0,7 m × 1 m (airde × leithead × fad). Tugann údarás na Gearmáine dá aire freisin go measann Orona go bhfuil an réiteach sin comhionann leis an réiteach a leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe, toisc go seach-chuirtear an laghdú 0,5 m ar an bhfad ceartingearach le méadú 0,1 m agus 0,2 m faoi seach ar leithead agus ar fhad an spáis chosanta. Mar sin féin, measann údarás na Gearmáine nach é an spás saor laghdaithe *per se* an t-easnamh atá ar ardaitheoir M33v3 ach an t-am a thógann sé ar dhuine a shábháilteacht a chinntiú (is é sin suíomh a ghlacadh ina bhfuil sé ina luí sínte amach) mar gheall ar an spás níos lú sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gortuithe tromchúiseacha. Dar le húdarás na Gearmáine, níor chuir Orona fianaise ar fáil, sular glacadh an beart náisiúnta, nach raibh ról ag an ngné ama i sábháilteacht ardaitheoir M33v3 nó go raibh go leor ama chun suíomh sábháilte a ghlacadh.

(17) Shonraigh údarás na Gearmáine sna barúlacha a sheol sé trí ríomhphost an 28 Bealtaine 2019 nach dtiteann an fad ceartingearach idir díon an chábáin agus síleáil an loig ach go 0,5 m i gcás ina dteipeann ar choscán an ardaitheora. Seachas sin, nuair a théann duine éigin isteach sa log, bheadh an t-ardaitheoir blocáilte nó stoptha cheana féin ag fad ceartingearach 1,8 m idir díon an chábáin agus síleáil an loig nó, má theipeann ar an dá lasc theorann cosanta sa chóras leictreach, ag fad ceartingearach 1 m. Mar sin féin, chuir údarás na Gearmáine in iúl ina dhiaidh sin i mbarúlacha breise an 29 Bealtaine 2020 go raibh na barúlacha an 28 Bealtaine 2019 ar na faid cheartingearacha mícheart. Ina ionad sin, tagraíonn údarás na Gearmáine do mheasúnú riosca Orona, ina ndearnadh foráil do roinnt hipitéisí féideartha bunaithe ar theagmhais éagsúla (eadhon teip choscáin, teip rialaithe, teip ar an lasc slándála) agus dá réir sin is iad na teagmhais sin go léir le chéile, agus ní hamháin an teip choscáin, a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an bhfad ceartingearach a bheith laghdaithe go 0,5 m. Thairis sin, tagraíonn údarás na Gearmáine dá bharúlacha féin maidir leis an staidéar neamhspleách a rinneadh an 28 Feabhra 2019, inar shonraigh sé go raibh trí chúis fhéideartha ar a laghad le teagmhas de bharr teip ar an gcóras stoptha leictreonaigh: (i) earráid dhaonna (mar shampla, teipeann ar an bhfoireann cigireachta an modh cigireachta a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú fiú má tá duine fós ar dhíon an chábáin ardaitheora), (ii) teip ar an lasc theorann agus (iii) teip ar an gcoscán. Mar sin féin, maidir leis an earráid dhaonna, deimhníonn údarás na Gearmáine an chonclúid sa staidéar neamhspleách nach dtiocfadh giorrú ar an bhfad ceartingearach go 0,5 m mar thoradh ar earráid den sórt sin.

(18) Maidir le teip ar an lasc theorann, deir údarás na Gearmáine ina chuid barúlacha ar an staidéar neamhspleách an 28 Feabhra 2019 nach dócha go dtarlódh a leithéid de chás ach nach féidir é a chur as an áireamh ina iomláine. Maidir leis an gcúis a bheadh le teip ar an gcoscán, aithníonn údarás na Gearmáine nach dtarlódh teip den sórt sin ach go fíor-annamh san ardaitheoir, ós rud é gur dhear Orona an coscán mar chomhpháirt sábháilteachta (coscán iomarcach, is é sin le rá, coscán ar feiste cosanta é ar ghluaiseacht neamhbheartaithe an chábáin agus ar ardú thar luas an chábáin), agus é á chur san áireamh nach mór do na comhpháirteanna sábháilteachta na ceanglais riachtanacha a chomhlíonadh agus dul tríd an measúnú comhréireachta agus an mharcáil CE go neamhspleách ar an ardaitheoir. Ina theannta sin, tá sé ráite ag údarás na Gearmáine go bhfuil an coscán in ardaitheoir M33v3 níos sábháilte ná an ceann sna hardaitheoirí a chuireann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in EN 81-1 i bhfeidhm, mar de réir an chaighdeáin chomhchuibhithe ní gá coscáin a dheimhniú mar chomhpháirteanna sábháilteachta d'ardaitheoirí ach i gcásanna áirithe.

(19) Agus measúnú á dhéanamh ar ardaitheoir M33v3, mheas údarás na Gearmáine, i bhfabhar Orona, nár theip ar choscán an ardaitheora chomh minic céanna le coscán neamhiomarcach in ardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1. Mar sin féin, measann údarás na Gearmáine, in ainneoin go bhfuil dóchúlacht íseal ann go dteipfidh ar an gcoscán, nach gcomhlíonann ardaitheoir M33v3 na ceanglais fhíor-riachtanacha, toisc nach gcomhlíonann sé prionsabail an chomhtháthaithe sábháilteachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, roinn 1.1, an abairt dheireanach, de Threoir 95/16/CE. De réir na bprionsabal sin, is léir gur cheart tús áite a thabhairt do rioscaí a chosc seachas iad a íoslaghdú, agus dó sin amháin.

(20) Ar deireadh, sna soiléirithe breise a seoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost an 28 Bealtaine 2019, dúirt údarás na Gearmáine, i gcás ina dteipeann ar an gcoscán, nach féidir stop a chur le hardaitheoir M33v3 ná le hardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1 agus go bhféadfadh teip ar na maoláin a bheith chomh dóchúil céanna don dá ardaitheoir.

2.2. **Seasamh agus argóintí orona**

(21) Le linn na gcomhairliúchán, dúirt Orona, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir 95/16/CE, go ndearna sé measúnú ar chomhréireacht an ardaitheora leis na ceanglais fhíor-riachtanacha tríd an gcomhlacht dá dtugtar fógra, Liftinstitut. I gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin, rinne Liftinstituut scrúdú cineál CE chun sábháilteacht an ardaitheora a mheasúnú. Is éard atá i gceist le scrúdú cineáil CE an nós imeachta trína bhfionnann agus trína ndeimhníonn comhlacht dá dtugtar fógra go gcomhlíonann múnla ardaitheora, nó ardaitheoir nach bhfuil aon fhoráil ann maidir le síneadh ná le malairt dó, ceanglais Threoir 95/16/CE. D'eisigh Liftinstituut an deimhniú ar scrúdú cineáil CE an 17 Iúil 2012, agus rinne sé é a athbhreithniú an 15 Márta 2013.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 8(2)(ii) de Threoir 95/16/CE agus le roinn 4 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir sin, déanfaidh comhlacht dá dtugtar fógra, arna roghnú ag suiteálaí an ardaitheora, an chigireacht deiridh ar an ardaitheoir nó a chur á ndéanamh sula gcuirfear ar an margadh é. Déanfaidh an comhlacht sin dá dtugtar fógra na tástálacha agus na seiceálacha iomchuí a leagtar amach sna caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir 95/16/CE, nó tástálacha coibhéiseacha, chun comhréireacht an ardaitheora leis na ceanglais riachtanacha a áirithiú. Roghnaigh Orona an comhlacht dá dtugtar fógra TÜV SÜD chun an chigireacht deiridh a dhéanamh ar ardaitheoir M33v3, dheimhnigh TÜV SÜD comhréireacht ardaitheoir M33v3 agus d'eisigh sé an deimhniú cigireachta deiridh an 7 Lúnasa 2014.

(23) D'iarr Orona ar na húdaráis faireachais margaidh san Ísiltír cigireacht a dhéanamh ar ardaitheoir M33v3 i gcathair s-Hertogenbosch an 20 Lúnasa 2015 agus chinn siad gur chomhlíon na bearta teicniúla sonracha a ghlac Orona na ceanglais fhíor-riachtanacha.

(24) Áitíonn Orona gur mhainnigh údarás na Gearmáine fógra a thabhairt don Choimisiún láithreach faoin mbeart náisiúnta, rud atá i gcontrárthacht leis an gceanglas é sin a dhéanamh faoi Airteagal 7(1) de Threoir 95/16/CE. Cé gur glacadh an beart náisiúnta an 26 Samhain 2015, ní raibh an Coimisiún ar an eolas faoi ach amháin trí ghearán ó Orona an 11 Nollaig 2015. Níor chuir údarás na Gearmáine an beart in iúl don Choimisiún go dtí an 10 Márta 2016. Tá Orona den tuairim go raibh drochthionchar ar chearta cosanta agus ar chlú Orona i ngeall ar an moill sin.

(25) Maidir le cuspóir an bhirt náisiúnta, mheabhraigh Orona gur mhínigh údarás na Gearmáine do Orona "nach raibh amhras air faoi scrúdú cineáil CE go ginearálta, ach amháin an leagan ina raibh an spás cloiginn is lú mar aon leis an ardaitheoir is lú". Choinnigh údarás na Gearmáine an seasamh sin go dtí gur glacadh an beart náisiúnta roinnt míonna ina dhiaidh sin, arbh é a bhí ann toirmeasc a chur ar aon mhúnla d'ardaitheoir M33v3 le spás cloiginn laghdaithe, gan beann ar mhéid an chábáin ardaitheora. Measann Orona, dá bhrí sin, nach raibh údar leis an mbeart náisiúnta, agus gur sháraigh sé prionsabal na comhréireachta freisin.

(26) Mheabhraigh Orona ina chuid barúlacha an 18 Bealtaine 2016, seachas díriú ar na difríochtaí idir múnla M33v3 agus na caighdeáin chomhchuibhithe a bhaineann le spás cloiginn ceartingearach, nach bhfuil ann ach fachtóir amháin chun sábháilteacht ardaitheora a mheas, go bhfuil gá le measúnú sábháilteachta foriomlán. Maidir leis sin, rinne Orona tagairt do pháipéar seasaimh NB-L, grúpa comhordúcháin na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra i ndáil le Treoir 95/16/CE an 3 Samhain 2009, dar teideal "Crushing danger, free space, criteria" (Contúirt bhrúite, spás saor, critéir), lena leagtar síos critéir maidir le spás saor inghlactha atá coibhéiseach leis na critéir a leagtar amach i gclásal 5.7 de EN 81-1. Tá na critéir a leagtar amach sa pháipéar seasaimh sin bunaithe ar mheascán den spás ceartingearach saor, ar thoirt spáis shaoir (ciúb) agus ar chomhtháthú na spásanna sin sa limistéar spásúil. Tá liosta neamh-uileghabhálach de chritéir bhreise sa pháipéar seasaimh céanna nach mór a chur san áireamh le linn measúnú riosca. Áirítear ar na critéir bhreise sin rabhaidh, prionsabail eirgeanamaíocha, minicíocht na cothabhála agus imthosca gan choinne.

(27) Maidir leis an spás ceartingearach saor idir díon an chábáin agus síleáil an loig, dúirt Liftinstsitutt, i litir chuig Orona an 10 Iúil 2015, ag tacú le breithnithe Orona, "go nglactar leis go ginearálta go bhfuil íos-spás saor ráthaithe 0,5 m leordhóthanach chun an baol a sheachaint go gcuirfí brú ar chorp an duine […]. Tá sé sin inghlactha freisin in ardaitheoirí, tá sé le feiceáil i EN 81-1:1998+A3:2009, clásal 5.7.3.3 b)". I gcás ar bith, luaigh Orona ina chuid barúlacha an 18 Bealtaine 2016 go bhfuil an glanspás ceartingearach céanna (0,5 m) ag an mbloc os cionn chábán ardaitheoir

M33v3 agus atá ag an nglanspás ceartingearach atá ag teastáil faoi EN 81-1 le haghaidh an spáis tarrthála faoi bhun an chábáin (sa log). Maidir le toirt an spáis shaoir (ciúb), mar a thuairiscítear i sonraíochtaí teicniúla ardaitheoir M33v3, tá toirt an bhloic atá os cionn an chábáin ardaitheora (0,5 m × 0,7 m × 1,0 m) níos mó ná an toirt íosta is gá faoi EN 81-1 don spás tarrthála os cionn an chábáin (0,5 m × 0,6 m × 0,8 m) agus don spás tarrthála faoi bhun an chábáin (0,5 m × 0,6 m × 1,0 m). Léirítear i staidéar a d'iarr Orona agus a seoladh chuig an gCoimisiún an 15 Márta 2016, arna dhéanamh ag ionad teicneolaíochta a dhéanann speisialú i nuálaíocht táirgí, próiseas agus seirbhísí, darbh ainm IK4-Ikerlan ("staidéar IK4-Ikerlan") go raibh spás don phearsanra cothabhála ar fad a tástáladh (ionadaí ar an ngnáthchineál pearsanra cothabhála, idir 18 agus 65 bliana d'aois, agus fireann) laistigh den chiúb os cionn an chábáin ardaitheora, cé nárbh amhlaidh a bhí sa chiúb arna thoisiú i gcomhréir le EN 81-1.

(28) De réir bharúlacha Orona an 18 Bealtaine 2016, agus mar a thuairiscítear sna sonraíochtaí teicniúla a seoladh chuig údarás na Gearmáine sular glacadh an beart náisiúnta, tá roinnt gnéithe sábháilteachta breise agus sonracha in ardaitheoir M33v3 lena n-eisiatar go mór an earráid dhaonna. Áirítear ar na gnéithe sin, ní hamháin an chomhpháirt sábháilteachta a dheimhnítear mar choscán iomarcach cineáil CE, ach roinnt gnéithe sábháilteachta eile a fhágann, le chéile, go bhfuil an t-ardaitheoir níos sábháilte fós ná ardaitheoirí a dearadh i gcomhréir le EN 81-1. Maidir leis sin, tá an méid a seo a leanas san ardaitheoir (i) comhartha rabhaidh á rá nach gceadaítear ach d'aon duine amháin ar díon an chábáin, agus gurb é duine ina luí sínte amach an suíomh ceart sábháilteachta chun an riosca brúite a sheachaint, (ii) comhpháirt sábháilteachta chun an ghnáthoibriú a mhúchadh nuair atá duine éigin ar dhíon an chábáin (lasc bhraite) chun nach rachaidh an cábán in airde agus duine éigin ar an díon, (iii) córas rialaithe a choinníonn an t-ardaitheoir neamhghníomhach, nuair a bhraitear go bhfuil duine éigin sa log, go dtí go n-athraítear an lasc chigireachta ar bharr an chábáin go dtí an modh cigireachta (iv) lasc slándála teorainn eile maidir le cigireacht a chuireann cosc ar an ardaitheoir nuair atá an cábán 1,8 m ó shíleáil an loig, (v) lasc theorann deiridh a chuireann cosc ar ghluaiseacht an chábáin agus (vi) balastráid teileascópach, a chuirfidh cosc ar an oibríocht normálta más rud é nach bhfuil an bhalastráid aistarraingthe go hiomlán agus cuirfidh sé cosc ar an oibríocht chigireachta mura bhfuil an bhalastráid sínte go hiomlán.

(29) Dúirt Orona ina chuid barúlacha an 18 Bealtaine 2016 go n-áitíonn údarás na Gearmáine sa bheart náisiúnta go dtógfadh sé "i bhfad níos mó ama" do theicneoir ar dhíon an chábáin é féin a shíneadh amach, rud is gá chun sábháilteacht san ardaitheoir a chinntiú, i gcodarsnacht le cromadh síos. Deir Orona nach bhfuil bunús ar bith leis sin san fhianaise a chuir údarás na Gearmáine isteach agus nach ceanglas sonrach faoi Threoir 95/16/CE é an gá le suíomh sábháilte a ghlacadh. Ina theannta sin, tar éis cruinniú idir údarás na Gearmáine agus Orona an 15 Nollaig 2015, comhaontaíodh, i gcomhréir leis an mbeart náisiúnta, go ndéanfadh Orona roinnt trialacha breise chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do dhearadh sábháilte ardaitheoir M33v3. Cuireadh béim ar leith ar an tionchar a bhí ag méid dhíon an ardaitheora ar an am le frithghníomhú. Maidir leis sin, fuarthas amach sa staidéar IK4-Ikerlan nach bhfuil suíomh an phearsanra cothabhála agus méid ardaitheoirí M33v3 ina fhachtóir a bhfuil tionchar aige ar an am le frithghníomhú. Chomh maith leis sin, léirítear nach bhfuil aon éifeacht ag aois agus innéacs corpmhaise ar an am le frithghníomhú. Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid sa staidéar IK4-Ikerlan nach raibh ach 1,26 soicind ar an meán-am le frithghníomhú chun cromadh síos in ardaitheoirí de réir EN 81-20, agus ní dhéanann sé sin difear don riosca sonrach féideartha, ós rud é go bhfreagraíonn an difríocht ama seo do 0,9 m amháin le luas cigireachta 0,6 m/s. Ní fhéadfadh an difríocht sna hamanna le frithghníomhú a bheith ábhartha ach amháin i gcás ina dteipfeadh ar an gcóras sábháilteachta, an córas coscánaithe iomarcaigh, cuir i gcás. Sa chás sin, áfach, ní bheadh an difríocht ó thaobh airde tábhachtach, ós rud é go mbeadh tionóisc marfach in ardaitheoir M33v3 agus in ardaitheoir a chomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe chomh maith.

(30) Maidir leis an ngné ama, dúirt Orona, mar a thuairiscítear sa chomhad teicniúil, go bhfuil díon chábán ardaitheoir M33v3 cothrom agus saor ó chonstaicí, agus mar gheall ar sin is féidir le pearsanra cothabhála suíomh sábháilte a ghlacadh níos tapúla agus iad sínte amach ar an díon. Chuir Orona in iúl go háirithe, ar dhíon cábáin ardaitheora a chomhlíonann EN 81-1, gur féidir le go leor comhpháirteanna a bheith ag cur isteach ar an suíomh atá ann chun síneadh amach, mar shampla rópaí agus a gcuid ceangaltán, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar an am chun an suíomh sábháilte sínte a ghlacadh. Thairis sin, chuir Orona in iúl go láidir nach bhfuil i EN 81-1 ach go gcaithfidh an spás sábháilteachta a bheith inrochtana ón spás oibre. Mar sin féin, in ardaitheoir M33v3, is ionann an spás oibre agus an spás sábháilteachta, rud a chiallaíonn, sa chás go dtéann rud éigin amú agus nach mór do dhuine síneadh amach, go bhfuil an duine san áit cheart cheana féin, rud a laghdaíonn an t-am is gá chun an suíomh sábháilte a ghlacadh. Rinneadh soiléiriú breise ar na difríochtaí idir na sonraíochtaí teicniúla (eadhon na constaicí ar dhíon an chábáin agus rochtain ar an spás sábháilteachta) idir ardaitheoir M33v3 agus ardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1 i litir ó Orona chuig an gCoimisiún an 20 Eanáir 2016 agus ina ríomhphost chuig an gCoimisiún an 12 Iúil 2019.

(31) Maidir leis an teip coscáin, mhínigh Liftinstituut i litir a seoladh chuig Orona an 21 Aibreán 2015 go dtarlódh gluaiseacht neamhrialaithe suas chábán folamh an ardaitheora mar thoradh ar theip coscáin, rud a d'fhágfadh, laistigh d'achar gearr taistil, go mba é an luas ba chúis leis an gcábán ag léim isteach sa spás saor arb é is aidhm dó a chur ar an riosca brúite idir díon an chábáin ardaitheora agus síleáil an loig, is é sin le rá, go leanfadh an cábán de bheith ag gluaiseacht sa log cé gur bhuail an frithmheáchan na maoláin. Maidir le hardaitheoir a bhfuil luas rátaithe 1 m/s aige, bheadh spás cloiginn 1 m, de réir mar is gá in EN 81-1, á chaitheamh ag an léim i gcás inar thaistil an cábán ardaitheora gan smacht thar achar 4 m, is é sin le rá, níl ach fad gearr taistil ag teastáil. Ní bheadh aon spás saor fágtha a thabharfadh le tuiscint go mbeadh brú marfach ar dhuine ar dhíon an chábáin. Ós rud é nach bhfuil ach fad gearr taistil ag teastáil chun dlús níos mó ná 115 % de luas rátaithe an ardaitheora a chur leis an ardaitheoir, tugann sé sin le tuiscint gur dócha go dteipfeadh ar na maoláin, toisc nach ráthaítear a sláine ag luasanna is mó ná 115 % den luas rátaithe (EN 81-1, ní mór do mhaoláin tionchar de luas nach mó ná 115 % den luas rátaithe a sheasamh).

(32) Ina theannta sin, dúirt Orona, i gcás ar bith, nach bhfuil an spás saor a chuirtear ar fáil (0,5 m achar ceartingearach) agus an ghné ama ábhartha chun comparáid a dhéanamh idir an leibhéal sábháilteachta idir ardaitheoir M33v3 agus na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in EN 81-1. Mar a míníodh i ríomhphost Orona chuig údarás na Gearmáine an 22 Aibreán 2015, ina raibh an seasamh a chuir Liftinstituut in iúl ina litir an 21 Aibreán 2015, ní tharlódh an riosca brúite ach amháin i gcás ina dteipfeadh ar an gcoscán. Chinn Orona, i gcás ina dtarlódh sé sin, nach gcuirfeadh dearadh ardaitheoir M33v3 ná dearadh ardaitheora atá i gcomhréir le EN 81-1 cosc ar an riosca brúite.

(33) Dúirt Orona ina chuid barúlacha chuig an gCoimisiún an 12 Iúil 2019 go bhfuil córas coscánaithe iomarcach ardaitheoir M33v3 i bhfad níos sábháilte ná córas coscánaithe ardaitheora atá i gcomhréir le EN 81-1, rud a d'aithin údarás na Gearmáine ina bharúlacha an 28 Bealtaine 2019. Is fíorbheag an dóchúlacht go dteipfeadh ar an gcoscán in ardaitheoir M33v3, murab ionann is in ardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1, toisc gur comhpháirt sábháilteachta dheimhnithe cineál CE é an coscán chun cosaint i gcoinne ghluaiseacht neamhbheartaithe an chábáin agus chun cosaint i gcoinne ghluaiseacht in airde an chábáin. Dá bhrí sin, is beag an seans fós go mbeadh cás ann, de bharr teip choscáin in ardaitheoir M33v3, ina dtiocfadh duine ar an spás tearmainn sábháilte ar dhíon an chábáin go tobann agus go neamhthoiliúil.

(34) Dúirt Orona freisin gur dhírigh na hábhair imní a bhí ag údarás na Gearmáine in 2015 ar cheist an riosca. Chuir Orona measúnú riosca ar fáil d'údarás na Gearmáine, arna dhéanamh ag Orona de réir chaighdeán ISO/DIS 14798 ([6]) ("an measúnú riosca"), an 16 Feabhra 2015, 9 mí sular glacadh an beart náisiúnta. Sa mheasúnú riosca, thángthas ar an gconclúid, ag féachaint do na bearta cosanta a chuir Orona i bhfeidhm, go raibh ardaitheoir M33v3 sábháilte agus nach raibh gá aon bheart breise a dhéanamh chun na rioscaí a laghdú ós rud é, ar bhonn dhóchúlacht na díobhála (a ghrádaítear A-F, arb é F an cás is lú dóchúlacht) agus ar bhonn a thromchúisí is atá an gortú (a ghrádaítear 1-4, arb é 4 an gortú is lú tábhacht), ba é "2F" an toradh a fuarthas.

(35) Go háirithe, thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú riosca go raibh an dóchúlacht go dteipfeadh ar an gcoscán (mar chomhpháirt sábháilteachta dheimhnithe cineáil CE) chomh híseal sin go raibh leibhéal an riosca inghlactha. Dúirt Orona nach minic teip ar chomhpháirteanna sábháilteachta deimhnithe cineáil CE a mheas in anailís riosca mar gheall ar a n-ardleibhéal sábháilteachta.

(36) Mar a léiríodh sa mheasúnú riosca, níl aon difríocht idir ardaitheoir M33v3 agus ardaitheoirí atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe. Sa chás teoiriciúil ina dtarlaíonn teip choscáin, is deireadh marfach a bhíonn i ndán don teicneoir i gcónaí mar gheall ar an mbrú gan srian agus mar sin is cuma má tá spás tarrthála 0,5 m nó 1 m os cionn an chábáin.

(37) Ar deireadh, chuir Orona i bhfios go láidir ina chuid barúlacha chuig an gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 nach gá aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíothú go hiomlán le Treoir 95/16/CE – rud nach féidir a dhéanamh – ní gá ach na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Treoir sin a chomhlíonadh, rud a ráthaítear trí chaighdeáin chomhchuibhithe nó trí bhearta sábháilteachta coibhéiseacha. Thairis sin, dúirt Orona nach mór a chruthú go bhfuil na bearta sábháilteachta coibhéiseacha chomh sábháilte céanna leo siúd a léirítear sna caighdeáin chomhchuibhithe, rud nach bhfuil an caighdeán cruthúnais céanna i gceist leis agus easpa riosca iomlán a léiriú.

([6]) ISO 14798, ardaitheoirí, staighrí beo agus siúlóidí gluaisteacha – modheolaíocht measúnaithe agus laghdaithe riosca, caighdeán idirnáisiúnta, an chéad eagrán, 1.3.2009.

3. **MEASÚNÚ**

(38) Ar bhonn an chomhairliúcháin fhairsing leis na páirtithe uile lena mbaineann, rinne an Coimisiún meastóireacht ar an mbeart náisiúnta.

(39) Le hAirteagal 2(1) de Threoir 95/16/CE, mar a bhí sé i bhfeidhm nuair a glacadh an beart náisiúnta, ceanglaíodh ar na Ballstáit gach beart iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach bhféadfar ardaitheoirí a chumhdaítear leis an Treoir sin a chur ar an margadh ná a chur i seirbhís ach amháin más rud é nach dóigh go gcuirfear sláinte nó sábháilteacht daoine agus, i gcás inarb iomchuí, sábháilteacht maoine i mbaol, nuair a dhéantar iad a shuiteáil agus a chothabháil i gceart agus a úsáid chun na críche atá beartaithe dóibh.

(40) Foráladh le hAirteagal 3 de Threoir 95/16/CE go gcomhlíonfaidh ardaitheoirí a chumhdaítear leis an Treoir sin na ceanglais fhíor-riachtanacha.

(41) Le hAirteagal 7(1) de Threoir 95/16/CE, ceanglaíodh ar Bhallstát a chinntíonn gur dócha go gcuirfidh ardaitheoir sábháilteacht daoine agus, i gcás inarb infheidhme, sábháilteacht maoine i mbaol, gach beart iomchuí a ghlacadh chun é a tharraingt siar ón margadh, toirmeasc a chur ar é a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís nó a shaorghluaiseacht a shrianadh. Tá sé le tuiscint as an dara fomhír den Airteagal sin go raibh ar an mBallstát an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach maidir le haon bheart den sórt sin, agus na cúiseanna a bhí lena chinneadh a léiriú agus go háirithe cibé ar tharla an neamh-chomhréireacht toisc nach ndearnadh na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh, na caighdeáin a chur i bhfeidhm go mícheart nó easnaimh sna caighdeáin féin.

(42) Ceanglaíodh le hAirteagal 8(2) de Threoir 95/16/CE gur cuireadh ardaitheoir, sular cuireadh ar an margadh é, faoi réir measúnú comhréireachta ag comhlacht dá dtugtar fógra.

(43) Leagadh amach na ceanglais fhíor-riachtanacha i roinn 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 95/16/CE, ina bhforáladh go raibh an t-ardaitheoir le dearadh agus le tógáil chun cosc a chur ar an riosca brúite nuair a bhíonn an cábán i gceann dá shuíomhanna foircneacha agus go raibh an cuspóir sin le baint amach trí spás saor nó tearmann lasmuigh de na suíomhanna foircneacha.

(44) I gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Treoir, thug EN 81-1 toimhde comhréireachta le roinn 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 95/16/CE tráth a cuireadh ardaitheoir M33v3 ar an margadh.

(45) Níor bhraith Orona ar chaighdeáin chomhchuibhithe chun comhréireacht leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a bhaint amach. Ina ionad sin, chuir Orona réiteach teicniúil malartach faoi bhráid údarás na Gearmáine, arna dheimhniú ag Liftinstituut sa nós imeachta scrúdúcháin cineáil CE, agus a shoiléirigh Liftinstituut tuilleadh i litir chuig údarás na Gearmáine an 12 Samhain 2014. Cé go n-imíonn an t-íos-spás saor sa spás cloiginn ó na ceanglais a leagtar amach i gclásal 5.7.1.1 a) de EN 81-1, i gcomhréir leis an deimhniú ar scrúdú cineáil CE NL12-400-1002-035-30 rev.2, arna eisiúint ag Liftinstituut, tá an spás saor ar dhíon an chábáin níos mó ná an t-íos-spás saor (toirt dronuilleogach) atá ag teastáil mar íos-spás saor sa pholl de réir EN 81-1, chun cosc a chur ar an riosca brúite i suíomhanna foircneacha an chábáin. Dúirt Liftinstituut ina litir an 12 Samhain 2014 i gcás ina sleamhnóidh na rópaí nuair a bheidh an síobh tarraingthe ag rothlú aníos, go ráthófar an spás saor leis an maolán frithmheáchain atá feistithe go buan. Ina theannta sin, dúirt an comhlacht dá dtugtar fógra go bhfuil toisí Orona maidir leis an spás saor, atá de rogha ar na toisí a leagtar amach in EN 81-1, comhoiriúnach freisin leis na ceanglais fhíor-riachtanacha nuair a chuireann modhanna iontaofa breise spás sealadach níos mó ar fáil le toisí a chomhlíonann ceanglais EN 81-1 agus EN 81-21, ar choinníoll go gcumhdaítear an riosca brúite i gcónaí leis an spás saor buan atá ar fáil. Áirítear trí phríomhghné leis na modhanna breise sin, lena n-áirithítear spás sealadach níos mó. Ar an gcéad dul síos, déantar cur i bhfeidhm dhá theagmháil sábháilteachta bhreise a ghníomhaíonn go díreach i gciorcad sábháilteachta an ardaitheora a sheiceáil, le haghaidh iontaofacht bhreise, le córas tomhaiste suite an ardaitheora. Ar an dara dul síos, coscán iomarcach iontaofa cineáil CE a dheimhnítear mar chomhpháirt sábháilteachta le haghaidh cosanta, i gcoinne ghluaiseacht neamhbheartaithe an chábáin agus i gcoinne ghluaiseacht in airde an chábáin thar luas lena gcuirtear stop leis an ardaitheoir. Ar an tríú dul síos, monatóireacht ar rochtain ar dhíon an chábáin, a chuireann stop go díreach le gnáthoibriú an ardaitheora nuair a théann duine ar dhíon an chábáin trí aon doras léibhinn.

(46) I gcomhréir le hAirteagal 8(2)(ii) de Threoir 95/16/CE agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin, chinn agus dheimhnigh Liftinstituut ([7]) go bhfuil iontaofacht an chórais chosanta i ndáil leis an riosca brúite ar bharr an chábáin cruthaithe ag an scrúdú cineáil CE le haghaidh ardaitheoir M33v3 a bheith comhionann ar a laghad le hardaitheoir a chomhlíonann ceanglais EN 81-1. Ní imíonn ardaitheoir M33v3 ach ó na toisí ceartingearacha spáis saoire a leagtar amach i gclásal 5.7.1.1 a) de EN 81-1. Chloígh Orona leis an nós imeachta um scrúdú cineáil CE atá

([7]) Deimhniú ar scrúdú cineáil CE NL12-400-1002-035-30 rev.2

leagtha amach i gcuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 95/16/CE. Sa nós imeachta sin, mhínigh Orona conas a bhí na réitigh theicniúla mhalartacha coibhéiseach le ceanglais EN 81-1 maidir le sábháilteacht. Leanann an deimhniú ar scrúdú cineáil CE arna eisiúint ag Liftinstituut páipéar seasaimh NB-L ina leagtar amach na critéir theicniúla ghinearálta maidir leis an gcaoi ar féidir le hardaitheoirí a bhfuil toisí spáis saoire iontu a imíonn ó chlásal 5.7 de EN 81-1 a bheith fós i gcomhréir go hiomlán leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i dTreoir 95/16/CE.

(47) I gcomhréir le hAirteagal 8(2)(ii) de Threoir 95/16/CE agus le roinn 4 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir sin, d'eisigh TÜV SÜD deimhniú cigireachta críochnaitheach a dhearbhaíonn gur chomhlíon an t-ardaitheoir na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 95/16/CE, tar éis tástálacha agus seiceálacha iomchuí a dhéanamh ar an ardaitheoir sular cuireadh ar an margadh é.

(48) De réir údarás na Gearmáine, ní chomhlíonann an réiteach teicniúil arna sholáthar ag Orona na ceanglais fhíor-riachtanacha go príomha toisc go n-imíonn an t-ardaitheoir ó EN 81-1 sa mhéid is nach gcuireann sé ach fad ceartingearach 0,5 m ar fáil seachas fad 1 m ó dhíon an chábáin go dtí síleáil an loig. Measann údarás na Gearmáine nach dtugann sé sin go leor ama do dhuine suíomh sábháilte a ghlacadh i gcás ina dteipeann ar bhearta réamhchúraim eile stop a chur leis an ardaitheoir ag fad níos faide. Níor shonraigh údarás na Gearmáine, áfach, sa bheart náisiúnta, na cásanna ina mbeadh an fad ceartingearach in ardaitheoir M33v3 cothrom le 0,5 m agus, dá bhrí sin, na cásanna ina mbeadh riosca brúite ann.

(49) De réir údarás na Gearmáine, ní chuirtear leibhéal coibhéiseach sábháilteachta ar fáil leis na sonraíochtaí teicniúla malartacha arna gcur i bhfeidhm ag Orona, mar, fiú amháin má laghdaíonn siad dóchúlacht tionóisce (cábán ardaitheora ag gluaiseacht go neamhdheonach go dtí an suíomh foircneach is airde), méadaítear déine na ngortuithe féideartha agus an t-íos-spás ceartingearach laghdaithe faoina leath. Is féidir le duine atá ar dhíon an chábáin ardaitheora a shábháilteacht a chinntiú más gá trína shíneadh amach sa spás tearmainn atá fágtha, ach tá níos mó ama ag teastáil ná i gcás ardaitheora a fhreagraíonn do na caighdeáin chomhchuibhithe.

(50) Maidir leis an spás saor nó an tearmann, measann údarás na Gearmáine go n-éilíonn EN 81-1 fad ceartingearach 1 m sa spás saor nó tearmann ó dhíon an chábáin go dtí síleáil an loig. Ní aontaíonn Orona, Liftinstituut agus an Coimisiún leis an méid sin, a leanann conclúidí an staidéir neamhspleách ina leith sin. Mar sin féin, ós rud é go measann údarás na Gearmáine nach é an fad ceartingearach 0,5 m é féin atá ar neamhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha, ach an t-am a thógann sé suíomh sábháilte a ghlacadh, ní gá an ghné maidir le fad ceartingearach a mhionsaothrú a thuilleadh maidir leis an léirmhíniú ar cheanglais EN 81-1.

(51) Maidir leis an spás saor nó tearmann in ardaitheoir M33v3, aon uair go bhfuil sé sa mhodh cigireachta tá íos-spás oibre 1,8 m (spás tarrthála barr) ag an teicneoir. Mar sin féin, chuir údarás na Gearmáine in iúl, le linn chéim chomhairliúcháin an Choimisiúin, na trí chúis fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith le teagmhas san ardaitheoir a d'fhéadfadh a bheith mar chúis leis an bhfad ceartingearach a thitim go 0,5 m in ionad 1,8 m agus an t-ardaitheoir ag oibriú i gceart. I measc na dtrí chúis sin, ní aithníonn Orona ach an chúis maidir le teip choscáin. Fiú amháin sa chás sin, measann Orona go bhfuil caolsheans ann go dteipfeadh ar an gcoscán. Maidir le cúis na hearráide daonna, níor chuir údarás na Gearmáine an chúis sin san áireamh agus an beart náisiúnta á ghlacadh aige. Maidir leis sin, mhínigh Orona ina chuid barúlacha an 15 Eanáir 2019 nach bhfuil aon dreasacht ann d'innealtóir seirbhíse taistil san ardaitheoir ag gnáthluas oibriúcháin seachas i modh luas cothabhála. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh smacht iomlán ag an innealtóir seirbhíse ar ghluaiseacht an chábáin chun a chuid oibre a dhéanamh. Má tá an t-ardaitheoir sa ghnáthmhodh oibríochta, ní féidir an t-ardaitheoir a stopadh ag aon suíomh inmhianaithe seachas ag urlár chun na hoibríochtaí cothabhála a dhéanamh. Ar aon chuma, i gclásal 0.3.8 de EN 81-1, tá sé ráite go nglactar leis go n-ordaítear an pearsanra cothabhála agus go n-oibríonn sé de réir na dtreoracha, rud a chiallaíonn nach bhfuil sé intuartha i ndáiríre a bheith ag taisteal san ardaitheoir ag gnáthluas oibriúcháin. Ina theannta sin, meastar sa staidéar neamhspleách nach dócha go rachadh pearsanra cothabhála timpeall d'aon turas ar na gnéithe sábháilteachta a bhfuil tuairisc orthu sna treoracha oibriúcháin.

(52) Maidir leis an tríú cúis fhéideartha a chuir údarás na Gearmáine in iúl a bhféadfadh an fad ceartingearach titim go dtí 0,5 mar thoradh uirthi, mar gheall ar theip a d'fhéadfadh a bheith ar an lasc theorann, mhínigh Orona ina chuid barúlacha an 18 Bealtaine 2016 go seasann an teicneoir ar dhíon an chábáin, go gcuireann sé an modh cigireachta ar an rialaitheoir ar siúl agus dá bhrí sin go mbeidh smacht iomlán aige ar an ardaitheoir. Ansin bogann an teicneoir an cábán i dtreo bharr an loig. D'fhéadfadh sé go dteipfeadh ar an gcóras rialaithe. Mar gheall ar an teip seo, leanann an t-ardaitheoir ag bogadh ach fós ag luas 0,6 m/s (luas cigireachta). Fiú i gcás gluaiseacht neamhrialaithe in airde ("UCMP"), ní shárófaí an luas 1 m/s (modh gnáthluais). Níl aon athrú ar an bhféidearthacht go stopfaidh an teicneoir

an t-ardaitheoir láithreach i gcás contúirte trí bhíthin an dá theorainn éigeandála ar an rialaitheoir. Fiú mura n-oibríonn an teicneoir an stad éigeandála ar chúiseanna neamhshonraithe, cinnteoidh an lasc theorann deiridh go stopfaidh an t-ardaitheoir le híos-spás saor 1 m, gan aon riosca brúite. Dá bhrí sin, ach sa chás seo freisin, tá dóchúlacht fhoriomlán na díobhála tromchúisí in ardaitheoir M33v3 gar do nialas agus is ionann an riosca agus i gcás ardaitheora atá i gcomhréir le EN 81-1. Ar na cúiseanna sin, ní féidir le hearráid dhaonna agus teip ar an lasc theorann a mheas mar chúiseanna lena dtitfeadh an fad ceartingearach go dtí 0,5 m seachas go dtí 1,8 m nuair atá ardaitheoir M33v3 ag oibriú i gceart.

(53) Maidir le teip iomlán ar an gcóras coscánaithe, is feiste sábháilteachta meicniúla cineáil CE é an coscán a dheimhnítear mar chomhpháirt sábháilteachta UCMP. Is coscán sábháilteachta iomarcach a ndéantar faireachán air é an coscán agus tá a dhóthain cumhachta ag gach coscán chun stop a chur leis an ardaitheoir leis féin. Coscánaíonn an dá chiorcad coscánaithe nuair a úsáidtear na spriongaí, is é sin le rá, go bhfuil an coscán leictreamaighnéadach ar oscailt i riocht oibrithe fuinniúil. I gcás teip cumhachta nach féidir a thuar, dúnann an dá chiorcad coscánaithe go huathoibríoch, déantar iad a chur ar siúl le fórsa na spriongaí, agus dá bhrí sin áirithíonn sé go hiontaofa gabháltas statach nó luasmhoilliú dinimiciúil an chábáin ardaitheora atá ag gluaiseacht in aon staid oibríochta. Dá bhrí sin, tá sé beagnach dodhéanta go dteipfeadh ar an gcóras coscánaithe in ardaitheoir M33v3 ina iomláine.

(54) Thairis sin, dúirt NB-L go bhfuil na critéir maidir le spás saor inghlactha atá coibhéiseach leis na critéir sin a leagtar amach i gclásal 5.7 de EN 81-1 bunaithe ar mheascán de spás ceartingearach saor, de thoirt spáis shaoir (ciúb) agus ar chomhtháthú na spásanna sin sa limistéar spásúil.

(55) Maidir leis an am a thógann sé ar dhuine suíomh sábháilte a ghlacadh, de réir an bhirt náisiúnta, is cosúil gurb é easpa ama chun suíomh sábháilte a ghlacadh nuair is é 0,5 m an fad ceartingearach is cúis leis an riosca brúite. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris 32, ní bheadh fad ceartingearach 0,5 m ag an spás saor nó tearmann in ardaitheoir M33v3 ach i gcás ina dteipfidh ar an gcoscán. Ós rud é gur chuir Orona an míniú teicniúil sin ar fáil d'údarás na Gearmáine sular glacadh an beart náisiúnta, go háirithe ina ríomhphost an 22 Aibreán 2015, is é an cás ina dteipeann ar an gcoscán an t-aon chás a ndéanfar tuilleadh machnaimh air.

(56) Ní féidir an leibhéal sábháilteachta a sholáthraítear leis na sonraíochtaí teicniúla in EN 81-1 agus le hardaitheoir M33v3 a chur i gcomparáid ach amháin trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcás céanna in ardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1 agus in ardaitheoir M33v3. Ciallaíonn sé sin, mar a mhínítear thuas, gurb é an t-aon chás amháin atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an riosca brúite é an cás ina dteipfeadh ar an gcoscán sa dá ardaitheoir. Bunaithe ar an bhfianaise a chuir Orona ar fáil d'údarás na Gearmáine sular glacadh an beart, agus go háirithe an litir ó Liftinstituut chuig Orona an 21 Aibreán 2015, má theipeann ar an gcoscán, bheadh sé le tuiscint cheana féin le luas an tsaor-luasghéaraithe de cúpla méadar go mbeadh sé dodhéanta do na maoláin stop a chur leis an gcábán ardaitheora agus gur dócha go dteipfeadh ar na maoláin de bharr luas taistil an ardaitheora, i gcás an dá ardaitheoirí. Sa chás sin, bhuailfeadh an cábán síleáil an loig agus bhrúfadh sé aon duine ar dhíon an chábáin gan beann ar an bhfad ceartingearach. Mar a mhínigh Liftinstituut ina litir, má theipeann ar an gcoscán, tá riosca brúite ann sa dá ardaitheoir, toisc go bhfuil dóchúlacht an-bheag ann go bhféadfadh an spás tearmainn tionóisc a sheachaint, gan beann ar an am a thógann sé glacadh le suíomh áirithe ar dhíon an chábáin. Maidir leis sin, chuir údarás na Gearmáine in iúl sa ríomhphost a sheol sé chuig an gCoimisiún an 28 Bealtaine 2019, nach féidir stop a chur le hardaitheoir M33v3 ná le hardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1 má theipeann ar an gcoscán agus go bhfuil an dóchúlacht chéanna ann go dteipfeadh ar na maoláin sa dá ardaitheoir.

(57) Dá bhrí sin, is é an tátal is féidir a bhaint as nach bhfuil ról ag an ngné ama, eadhon an t-am is gá chun suíomh sábháilteachta a ghlacadh a bhaineann leis an bhfad ceartingearach i ndíon an chábáin, maidir leis an riosca brúite a chosc.

(58) Ina theannta sin, mar a mhínigh Orona agus a d'admhaigh údarás na Gearmáine, tá an coscán iomarcach a úsáideann Orona in ardaitheoir M33v3, ar comhpháirt sábháilteachta dheimhnithe cineáil CE i gcónaí é, níos sábháilte ná an coscán a úsáidtear in ardaitheoirí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in EN 81-1, agus ní gá don choscán a bheith ina chomhpháirt sábháilteachta dheimhnithe cineáil CE i bhformhór na gcásanna.

(59) Go deimhin, faoi Airteagal 3 de Threoir 95/16/CE, ní mór do chomhpháirt sábháilteachta na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh nó a chumasú do na hardaitheoirí ina bhfuil siad suiteáilte na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé sin go ndearnadh nós imeachta críochnúil neamhspleách um measúnú comhréireachta ar an gcóras coscánaithe dá dtagraítear in Airteagal 8.1 (ii) de Threoir 95/16/CE agus go bhfuil comhartha CE feistithe air leis sin, sa bhreis ar an measúnú comhréireachta ar an ardaitheoir iomlán. Níl aon riosca ag baint le teip ar chomhpháirt sábháilteachta, ós rud gur beag baol atá ann mar a luaitear i gcaighdeán ISO 14798, dá dtagraítear in aithris 33. Ós rud é gurb é teip ar an gcoscán an t-aon chás ina laghdófaí an spás sábháilte idir díon an chábáin agus an log go dtí níos lú ná mar a éilíonn EN 81-1 mar fhad ceartingearach, agus go bhfuil teip ar an gcóras coscánaithe beagnach dodhéanta, tá an t-ardaitheoir níos sábháilte ná ardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1, toisc nach gá coscán iomarcach a bheith feistithe in ardaitheoir den sórt sin, ar comhpháirt sábháilteachta é.

(60) Maidir le prionsabail an chomhtháthaithe sábháilteachta, ar an gcéad dul síos, níor thagair údarás na Gearmáine do na prionsabail sin sa bheart náisiúnta. Ar an dara dul síos, ní coincheap teibí iad prionsabail an chomhtháthaithe sábháilteachta ach tá siad nasctha leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta agus leis an úrscothacht tráth ar cuireadh an t-ardaitheoir ar an margadh. Ciallaíonn sé sin nach mór don mhonaróir aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis an ardaitheoir i bhfianaise na n-eilimintí sin. Ar an tríú dul síos, ní mór a mheas go bhfuil prionsabail an chomhtháthaithe sábháilteachta infheidhme go comhionann maidir le haon ardaitheoir. Sa chás sin, is é teip ar an gcoscán an t-aon chás amháin a mheasfar a bheith ann chun an leibhéal sábháilteachta a chur i gcomparáid agus is fíorbheag go deo an riosca go mbeidh teip dá sórt ann i dtaca leis an ardaitheoir M33v3, murab ionann agus i gcás ardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1.

(61) Maidir leis na rioscaí nach mbaineann leis an gcóras coscánaithe, chomh maith leis an measúnú riosca arna dhéanamh ag Orona agus conclúidí an mheasúnaithe sin, sa staidéar neamhspleách tá measúnú riosca bunaithe ar EN 81-1 agus ar an réiteach teicniúil a úsáidtear in ardaitheoir M33v3 chun comparáid a dhéanamh idir an leibhéal sábháilteachta a bhain ardaitheoir M33v3 amach agus ardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1 maidir leis an riosca brúite. Le comparáid idir leibhéal an riosca bhrúite agus na bearta a leagtar amach in EN 81-1 á gcur i bhfeidhm agus na bearta malartacha a chuir Orona in iúl maidir le hardaitheoir M33v3 á gcur i bhfeidhm, thángthas ar an gconclúid sa staidéar neamhspleách, "go mbaineann na bearta malartacha arna soláthar ag Orona leibhéal sábháilteachta amach atá i bhfad níos fearr ná an leibhéal a fhoráiltear le cur i bhfeidhm EN 81-1" ([8]) nuair a choimeádtar an t-ardaitheoir mar a bhí beartaithe. Thairis sin, thángthas ar an gconclúid sa staidéar neamhspleách, fiú sa chás go mbainfí mí-úsáid as an ardaitheoir (mar gheall ar imeacht d'aon ghnó ó na treoracha cothabhála ag an bpearsanra cothabhála), "go mbaineann t-ardaitheoir amach an leibhéal céanna sábháilteachta ar a laghad leis an ardaitheoir caighdeánach" ([9]).

4. **CONCLÚID**

(62) Bunaithe ar an anailís in aithrisí 38 go 60, agus torthaí an staidéir neamhspleách lena ndeimhnítear an anailís sin á gcur san áireamh, is é an tátal is féidir a bhaint as go raibh ardaitheoir M33v3 i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha. Tá an leibhéal sábháilteachta atá bainte amach ag ardaitheoir M33v3 coibhéiseach, ar a laghad, leis an leibhéal sábháilteachta a bhaineann le hardaitheoir atá i gcomhréir le EN 81-1, rud a chuir toimhde comhréireachta ar fáil tráth a cuireadh ardaitheoir M33v3 ar an margadh. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas go bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Níl údar leis an mbeart a rinne an Ghearmáin, a ghlac Údarás Lárnach Länder um Theicneolaíocht Sábháilteachta an 26 Samhain 2015 agus a cuireadh in iúl don Choimisiún an 10 Márta 2016, chun cosc a chur ar mhúnla ardaitheoir M33v3 arna mhonarú ag Orona, Sociedad Cooperativa, Hernani, an Spáinn, a chur ar an margadh.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

([8]) Cúram 3 – "Anailís chomparáideach ar shonraíochtaí teicniúla na gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha", roinn 7.1.1

([9]) Cúram 3 – "Anailís chomparáideach ar shonraíochtaí teicniúla na gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha", roinn 7.1.2.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Thierry BRETON
Comhalta den Choimisiún